C/2025/498

21.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11715 – ALSO / WESTCOAST UK IRELAND FRANCE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/498)

1. An 14 Eanáir 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— ALSO Holding AG ('ALSO', an Eilvéis) atá faoi rialú deiridh Droege Group AG (an Ghearmáin),

— Westcoast Holdco Limited ('Westcoast Holdco', an Ríocht Aontaithe), agus a fhochuideachtaí Clarity Computer (Distribution) Limited, ag trádáil mar Westcoast Ireland (Éire), STL Holdco Limited (an Ríocht Aontaithe), Westcoast France SAS (an Fhrainc), Westcoast Limited (an Ríocht Aontaithe), agus Spire Technology Limited (an Ríocht Aontaithe) (dá ngairtear 'Westcoast Target' le chéile). Is é Westcoast Holdco cuideachta shealbhaíochta ghrúpa Westcoast agus tá sé faoi rialú deiridh an Uasail Graham Chambers, an Uasail Muhamed Amin Hemani agus an Uasail Leon Hemani.

Gheobhaidh ALSO rialú aonair ar Westcoast Target de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá ALSO gníomhach san Eoraip i mórdhíol táirgí i réimsí na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, táirgí leictreonacha do thomhaltóirí, na dtomhaltán priontála, agus seirbhísí gaolmhara, agus go pointe níos teoranta tá sé gníomhach i miondíol táirgí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus táirgí leictreonacha do thomhaltóirí,

— Tá Westcoast Target gníomhach i ndáileadh TF mórdhíola táirgí bogearraí agus crua-earraí. Go háirithe, déanann Westcoast Target trealamh ríomhaireachta pearsanta, fóin, freastalaithe, trealamh stórála agus líonraithe, soláthairtí priontála, chomh maith le trealamh amhairc fuaime agus gabhálais ghaolmhara a mhargú, a dhíol agus a dháileadh d'athdhíoltóirí agus do mhiondíoltóirí. Feidhmíonn Westcoast Target san Eoraip den chuid is mó, go príomha sa Ríocht Aontaithe, in Éirinn agus sa Fhrainc.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11715 – ALSO / WESTCOAST UK IRELAND FRANCE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË